CEACHT 33

MO ROTHAR NUA



Pictiúr: Radharc:

Lasmuigh de theach Mhichíl, Micheál agus Seán ag féachaint ar an rothar, cáca milis agus deich gcoinneal air, athair Mhicíl; comhartha ceiste, rothar nua Mhichíl, cáca milis agus deich gcoinneal air, lé cur sa chiorcal cainte de réir bhrí na cainte. Seán ag dul síos an bóthar ar an rothar, páiste amuigh ar an mbóthar, Seán ag bualadh an chloigín, ansin é ag tarraingt na gcoscán, an bheirt bhuachaill ag gáire.

Céim 4. Codanna an rothair; na cluasa, bonn, bolg, na troithíní, cloigín, slabhra, roth tosaigh, roth deiridh.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Breithlá Mhichíl a bhí ann inné. Bhí sé deich mbliana d'aois. Fuair sé rothar nua óna athair.

Agallamh

SEÁN: Sin rothar iontach atá agat. Cá bhfuair tú é?
MICHEÁL: Thug m'athair dom é mar bhronntanas. Bhí mo bhreithlá ann inné.
SEÁN: Ba bhreá liom dul ag rothaíocht air.
MICHEÁL: In airde leat ach téigh go mall.

Cuntas Reatha

Síos an bóthar le Seán. Rith páistí amach. Bhuail Seán an cloigín. Tharraing sé na coscáin. Tháinig an bheirt acu slán.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:

Bhí lá mór ag Micheál inné?
Cén aois a bhí aige?
Fuair sé bronntanas, is dócha?

Cad a deir tú faoin rothar, a "Sheáin"?
Cuir ceist air faoi.
Freagair é, a "Mhichíl".
Cén fáth?
Céard ba mhaith leatsa, a "Sheáin"?
Abair leis go bhfuil cead aige dul ag rothaíocht, a "Mhichíl"?